# GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

## CINNEADH Uimh. 1/2022 ó CHOMHCHOISTE AN AONTAIS EORPAIGH-NA hEILVÉISE

**an 6 Meán Fómhair 2022**

**lena leasaítear Táblaí III agus IV de Phrótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Cónaidhm na hEilvéise an 22 Iúil 1972, arna leasú [2022/1635]**

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Cónaidhm na hEilvéise an 22 Iúil 1972 ([1]), arna leasú leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise an 26 Deireadh Fómhair 2004 lena leasaítear an Comhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Cónaidhm na hEilvéise an 22 Iúil 1972 a mhéid a bhaineann leis na forálacha is infheidhme maidir le táirgí talmhaíochta próiseáilte ([2]) (dá ngairtear "Comhaontú" anseo feasta), agus go háirithe Prótacal 2, Airteagal 7, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Prótacal 2, Airteagal 5(2), a ghabhann leis an gComhaontú, chuir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise, ina gcáil mar Pháirtithe Conarthacha, praghsanna tagartha intíre 2021 na n-amhábhar uile a gcuirtear bearta cúitimh praghsanna i bhfeidhm ina leith ar fáil don Chomhchoiste. Eascraíonn sé as na praghsanna sin go bhfuil athrú tagtha ar staid iarbhír na bpraghsanna maidir leis na hamhábhair sin i gcríoch na bPáirtithe Conarthacha.

(2) Is gá, dá bhrí sin, na praghsanna tagartha intíre agus na difríochtaí praghsanna d'amhábhair talmhaíochta a liostaítear i bPrótacal 2, Tábla III, a ghabhann leis an gComhaontú a thabhairt cothrom le dáta, chomh maith le bunmhéideanna na n-amhábhar talmhaíochta a liostaítear i dTábla IV den Phrótacal sin a oiriúnú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Prótacal 2 a ghabhann leis an gComhaontú mar a leanas:

(a) cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Thábla III;

(b) i dTábla IV, cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad phointe (b).

*Airteagal 2*

Foilseofar an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2022.

([1]) IO L 300, 31.12.1972, lch. 189.
([2]) IO L 23, 26.1.2005, lch. 19.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Meán Fómhair 2022.

*Thar ceann an Chomhchoiste*

*An Cathaoirleach*

*p.p.* Rita ADAM

*Ceannaire Mhisean*

*IARSCRÍBHINN I*

*"Tábla III*

**Praghsanna tagartha intíre an Aontais agus na hEilvéise**

| Amhábhar talmhaíochta | Praghas tagartha intíre na hEilvéise | Praghas tagartha intíre an Aontais | Airteagal 4(1) Curtha i bhfeidhm ar thaobh na hEilvéise Difríocht na hEilvéise/ Praghas tagartha an Aontais | Airteagal 3(3) Curtha i bhfeidhm ar thaobh an Aontais Difríocht na hEilvéise/ Praghas tagartha an Aontais |
|---|---|---|---|---|
| | CHF in aghaidh an 100 kg glan | CHF in aghaidh an 100 kg glan | CHF in aghaidh an 100 kg glan | EUR in aghaidh an 100 kg glan |
| Cruithneacht bhog | 51,80 | 23,54 | 28,25 | 0,00 |
| Cruithneacht chrua | — | — | 1,20 | 0,00 |
| Seagal | 42,80 | 18,50 | 24,30 | 0,00 |
| Eorna | — | — | — | — |
| Arbhar Indiach | — | — | — | — |
| Plúr cruithneachta boige | 91,60 | 46,68 | 44,90 | 0,00 |
| Púdar bainne | 629,60 | 323,59 | 306,00 | 0,00 |
| Púdar bainne bhearrtha | 420,10 | 260,22 | 159,90 | 0,00 |
| Im | 1 128,35 | 409,97 | 718,40 | 0,00 |
| Siúcra bán | — | — | — | — |
| Uibheacha | — | — | 38,00 | 0,00 |
| Prátaí úra | 40,05 | 17,05 | 23,00 | 0,00 |
| Saill phlandúil | — | — | 170,00 | 0,00". |

*IARSCRÍBHINN II*

“(b) Méideanna bunúsacha le haghaidh amhábhair thalmhaíochta a chuirtear san áireamh chun na comhpháirteanna talmhaíochta a ríomh:

| Amhábhar talmhaíochta | Bunmhéid i bhfeidhm ar thaobh na hEilvéise<br>Airteagal 3(2) | Bunmhéid i bhfeidhm ar thaobh an Aontais<br>Airteagal 4(2) |
|---|---|---|
| | CHF in aghaidh an 100 kg glan | EUR in aghaidh an 100 kg glan |
| Cruithneacht bhog | 23,00 | 0,00 |
| Cruithneacht chrua | 1,00 | 0,00 |
| Seagal | 19,80 | 0,00 |
| Eorna | — | — |
| Arbhar Indiach | — | — |
| Plúr cruithneachta boige | 36,60 | 0,00 |
| Púdar bainne | 248,45 | 0,00 |
| Púdar bainne bhearrtha | 130,30 | 0,00 |
| Im | 570,15 | 0,00 |
| Siúcra bán | — | — |
| Uibheacha | 30,95 | 0,00 |
| Prátaí úra | 18,20 | 0,00 |
| Saill phlandúil | 138,55 | 0,00”. |